Donncha Ó hÉallaithe

Co na Gaillimhe

An mbaineann an freagra seo le tuairim phearsanta an fhreagróra nó an bhfuil sé déanta thar ceann na heagraíochta thuasluaite?

Pearsanta

An bhfuil tú toilteanach go bhfoilseofar an freagra seo ar shuíomh gréasáin na Roinne www.ahg.gov.ie?

Tá

Cumarsáid faoi alt 9 den Acht (Litreacha, ríomhphoist & cora poist)
Dualgais reatha faoin Acht:

- Cumarsáid a fhreagairt sa teanga ina bhfuarthas í;
- Faisnéis i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach a eisiúint i nGaeilge nó go dátheangach.

1. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Is leor na dualgais seo, dá mbeidís á gcomhlíonadh ag na comhlachtaí poiblí is comhlachtaí stáit ach níl roinnt comhlachtaí poiblí ag comhlíonadh na ndualgas seo i go leor cásanna. Theastódh go bhféadfaí píonós - fíneáil - a ghearradh ar an bpríomhoifigeach in aon eagraíocht a dhiúltaíonn go comhfhiosach agus go leanúnach na dualgais reachtúla seo a chomhlíonadh.

Foilseacháin faoi alt 10 den Acht
Dualgais reatha faoin Acht:

- Doiciméid áirithe a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla (m.sh. tuarascálacha bliantúla, cuntais iniúchta, tograí beartais phoiblí, ráitis straitéise srl.

2. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Tá na dualgais seo iomarcach i gcás go leor comhlachtaí poiblí. Theastódh idirdhealú a dhéanamh idir comhlachtaí poiblí do réir an méid usáid a bhainfeadh lucht labhartha na Gaeilge astu ar an ngnáth bhealach. Ba chóir go mbeadh achoimre nó réamhrá dhátheangach i gcás gach comhlacht poiblí ach is cur amú airgid a bheith ag leagan síos go mbeadh 'tuarascálacha bliantúla, cuntais iniúchta, tograí beartais phoiblí, ráitis straitéise srl.' á bhfoilsiú go dhá theangach.

Comharthaí, stáiseanóireacht & fógairtí taifeadta béil faoi na Rialacháin faoin Acht (I.R. Uimh. 391 de 2008)
Dualgais reatha faoin Acht:

- Cloí leis na Rialacháin maidir le húsáid na Gaeilge agus an Bhéarla ar chomharthaí, ar stáiseanóireacht agus i bhfógairtí taifeadta béil.

3. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Is leor na dualgais seo agus ní fheicim go bhfuil aon ghá lena leasú.

Scéimeanna Teanga faoin Acht
Is iad na scéimeanna teanga croílár an Achta Teanga. Leagtar amach sna scéimeanna teanga an córas trína bhforbraíonn comhlachtaí poiblí a gcuid seirbhísí trí Ghaeilge thar thréimhse ama. Is trí na scéimeanna teanga a dhéileáiltear le húsáid na Gaeilge ar shuíomhanna gréasáin, ar bhileoga, ar bhróisiúir, ar fhoirmeacha, trí sheirbhísí teileafóin, trí sheirbhísí idirphearsanta eile, trí sheirbhísí ar líne srl.

4. (a) I do thuairimse, an bhfuil córas na scéimeanna teanga sásúil, an bhfuil sé iomarcach nó an dteastaíonn leasú air?
Níl na córas na scéimeanna teanga ag obair mar go bhfuil an meicníocht i bhfad ró chasta. Teastaíonn leasú orthu.

4. (b) An bhfuil malairt córais a mholfá a bheadh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla?
Mholfainn go ndéanfaí an próiséas a shimpliú i dtosach agus deire a chur leis an próiséas fadálach comhliúcháin. Mholfainn na leasaithe seo leanas chomh maith (i) go mba cheart go mbeadh cúram na scéimeanna teanga curtha ar Oifig an Choimisinéara Teanga; (ii) go mba cheart go seasfadh Scéim Teanga i bhfeidhm go dtí go dtiocfadh ceann nua ina áit, seachas a bheith ag rith as feidhm ag deire 3 bliana; (iii) ba cheart go mbeadh dualgas reachtúil ar phríomhoifigeach gach comhlacht poiblí, ar a bhfuil Scéim Teanga iarrta, a chinntiú go bhfuil scéim teanga reatha i bhfeidhm sa gcomhlacht agus go bhfuil dualgais na comhlachta faoin dlí á gcomhlíonadh. Mholfainn go mba cheart go bhféadfaí píonós - fíneáil - a ghearradh ar an bpríomhoifigeach in aon eagraíocht a dhiúltaíonn go comhfhiosach agus go leanúnach na dualgais reachtúla a chomhlíonadh maidir le ullmhú Scéim Teanga . Mholfainn go mba cheart go bhféadfaí píonós - fíneáil - a ghearradh ar an bpríomhoifigeach in aon eagraíocht a dhiúltaíonn go comhfhiosach agus go leanúnach na dualgais reachtúla a chomhlíonadh maidir le ullmhú Scéim Teanga .

Seirbhísí ó chomhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht
Sa chaoi is gur féidir leis an Stát tacú le stádas agus le húsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, tá sé an-tábhachtach go mbeidh pobal na Gaeltachta ábalta a ngnóthaí oifigiúla a dhéanamh leis an Stát trí Ghaeilge.

5. (a) An bhfuil tú sásta leis na seirbhísí atá á soláthar trí Ghaeilge ag comhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht?

Níl mé sásta, mar nach ndéanann an tAcht aon idirdhealú idir ceantar Gaeltachta ina bhfuil Gaeilge á usáid ag an bpobal i gcónaí agus ceantar oifigiúil Ghaeltachta nach bhfuil aon difríocht idir é agus ceantracha taobh amuigh den Gaeltacht. Ní féidir a bheith ag súil go mbeidh an rialachán seo á bhfeidhmiú an fhad is go bhfuil áiteacha aithinte ag an Stát mar cheantair Ghaeltachta, gan aon bhunús teangeolaíochta leis an aitheantas. Ní léir domsa go bhfuil mórán comhlachtaí poiblí ag comhlíonadh na dualgais seo faoin Acht.

5. (b) An bhfuil leasuithe a mholfá a chuirfeadh le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht na gcomhlachtaí poiblí sa réimse seo?

An leasú is géire a theastaíonn ná teorannacha na Gaeltachta a athshocrú ar bhunús critéir teangeolaíochta, mar atá molta ag Coimisiún na Gaeltachta (2002) agus ag an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíochta ar Staid na Gaeilge sa Ghaeltacht (2007), sarar féidir an mír seo den Acht a fheidhmiú i gceart. Mholfainn go mba cheart go bhféadfaí píonós - fíneáil - a ghearradh ar an bpríomhoifigeach in aon chomhlacht poiblí a dhiúltaíonn go comhfhiosach agus go leanúnach na dualgais reachtúla a chomhlíonadh maidir le seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge sa Ghaeltacht .

Forálacha eile faoin Acht

Tá forálacha eile san Acht a dhaingníonn cearta maidir le húsáid na Gaeilge san Oireachtas, sna cúirteanna agus i gcóras logainmneacha an Stáit.

6. I do thuairimse, an leor na forálacha seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?

Is leor na forálacha seo. Maidir le ceist na logainmneacha sa Ghaeltacht, níl na forálacha sin á chur i bhfeidhm ag Comhairle Chontae na Gaillimhe. Mar iarrtar cead pleanála ar Rannóg Pleanála Chomhairle Chontae na Gaillimhe sa mbaile fearann ar a thugtar An Lochán Beag, beidh an iarratas pleanála sin ar chlár na n-iarratas pleanála faoin logainm Loughaunbeg! Mholfainn go mba cheart go bhféadfaí píonós - fíneáil - a ghearradh ar an bpríomhoifigeach in aon eagraíocht a dhiúltaíonn go comhfhiosach agus go leanúnach na forálacha maidir le logainmneacha i nGaeilge sa Ghaeltacht a chur i bhfeidhm, mar is cóir.

Comhlachtaí poiblí faoin Acht

Cuireann an tAcht dualgas ar chomhlachtaí poiblí, atá liostaithe faoin Acht, seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Tá liosta iomlán na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht ar fáil ag www.ahg.gov.ie.

Tá na comhlachtaí poiblí seo a leanas liostaithe faoin Acht – Ranna agus oifigí Rialtais, údaráis áitiúla, ollscoileanna, institiúidí tríú leibhéal eile, coistí gairmoideachais, an Garda Síochána, an tSeirbhís Chúirteanna, na Coimisinéirí Ioncaim, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, gníomhaireachtaí, boird & cuideachtaí Stáit eile.

7. I do thuairimse, an bhfuil liosta na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht cuí nó an dteastaíonn leasú sa réimse seo?
Tá seans go bhfuil an iomarca comhlachtaí poiblí liostáilte. Mura bhfuil comhlacht poiblí ag déileál leis an nGaeltacht nó ag déileál go laethiúl leis an bpobal mór, ní bheinnse ag súil go mbeadh orthu seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Comhlachtaí poiblí, atá ag déileál le mórchuid den phobal, ar nós OIfig Cánach, Coimisinéirí Ioncaim, HSE etc., ba chóir go mbeadh orthu na socraithe caoi a dhéanamh le go bhféadfaidís seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil.

Oifig an Choimisinéara Teanga
Is faoin Acht a bunaíodh Oifig an Choimisinéara Teanga. Is é príomhról na hOifige ná monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Achta.

8. I do thuairimse, an bhfuil cumhachtaí agus feidhmeanna na hOifige sin dóthanach nó iomarcach agus an dteastaíonn leasuithe orthu?
Ceapaim go mba cheart go mbeadh an chumhacht ag an gCoimisinéar Teanga an dlí a chur ar príomhoifigeach aon eagraíocht/comhlacht poiblí a dhiúltaíonn go comhfhiosach agus go leanúnach na dualgais reachtúla atá orthu faoin Acht Teanga a chur i bhfeidhm agus go mba cheart go mbeadh sé leagaithe síos gbo bhféadfaí píonós a ghearradh ar an mbonn seo: (i) fíneáil pearsanta €5,000 ar an gcéad uair; (ii) fíneál pearsanta €20,000 ar an tarna uair agus (iii) a bheith curtha ar fionraí gan pá ar feadh 3 mhí ar fáil ciontaithe don tríú uair.

Go ginearálta

9. An bhfuil leasuithe eile a mholfá ar an Acht le cinntiú gur reachtaíocht í atá oiriúnach agus cuí dá feidhm?
Ba chóir go mbeadh dualgas áirithe ar chomhlachtaí príomháideacha a chuireann seirbhísí áirithe ar fáil (i) sa Ghaeltacht agus (ii) don mhórphobal, a dhéanamh cinnte go bhfuil siad in ann seirbhís áirithe a chur ar fáil trí Ghaeilge. Mar shampla ba chóir go mbeadh An Post, Comharchreidmheasanna agus na Bainc in ann seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil sna ceantair Ghaeltachta ina bhfuil an Ghaeilge fós in usáid. Ba chóir go mbeadh ar chomhlachtaí ar nós Eircom, ESB, UPC, Comhlachtaí Árachais in ann foirmeacha agus billí i nGaeilge a sholáthar do dhaoine a bheadh ag iarraidh a leithéid.

10. Céard iad na seirbhísí trí Ghaeilge a bhfuil éileamh agat féin orthu ó chomhlachtaí poiblí nó an gceapann tú gur cheart tosaíocht a thabhairt dóibh?
In oifig poiblí ní mhaith liom agus nílim sásta cancarán a dhéanamh díom féin ag lorg seirbhís trí Ghaeilge agus dá bharr sin usáidim Béarla de ghnáth, mura bhfuil sé curtha in iúl i mbealach éicint go bhfuil Gaeilge ag an té os mo chomhair. Ar an gcaoi sin ba mhaith liom dhá rud in aon oifig átá á reachtáil ag comhlacht poiblí: (i) go mbeadh gnáth foirmeacha i nGaeilge ar fáil taobh le foirmeacha i mBéarla. (ii) ag an gcúntar poiblí ba mhaith liom go mbeadh comhartha nó suaitheantas á chaitheamh ag daoine, a bhfuil a

ndóthain Ghaeilge acu le déileál leis an bpobal trí Ghaeilge, sa gcaoi is nach mbeadh ar dhuine atá ag lorg seirbhís trí Ghaeilge dul ag fáil amach i dtosach an bhfuil nó nach bhfuil Gaeilge ar an té atá os a gcomhair amach ag an gcúntar.

11. Céard iad na constaicí nó na deacrachtaí a fheictear duit a bhaineann le seirbhísí ar chomhchaighdeán a sholáthar i nGaeilge ag comhlachtaí poiblí?
An dá constaic is mó ná seo: (i) easpa iarrachta ón gcomhlacht seirbhís trí Ghaeilge a sholáthar de bharr neamhshuim príomhoifigeach na comhlachta agus (ii) easpa fóirne dhátheangach ar fáil sna comhlachtaí poiblí a ligfeadh dóibh seirbhís trí Ghaeilge a sholáthar.

12. Céard iad na leasuithe a mholfá ar an Acht le forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí Stáit trí Ghaeilge ar bhonn éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh costais de?
Mholfainn Alt 10 a leasú sa gcaoi is go léifidh sé mar seo. 10.—D'ainneoin aon achtacháin eile, déanfaidh comhlacht poiblí (seachas comhlacht, eagraíocht nó grúpa a bheidh forordaithe de bhun rialachán chun críocha chlásal (b) de mhír 1(5) den Chéad Sceideal) na doiciméid seo a leanas, a dhéanfaidh sé nó a dhéanfar faoina údarás, a fhoilsiú go comhuaineach i ngach ceann de na teangacha oifigiúla: (a) aon doiciméad ina leagtar amach tograí beartais phoiblí; (b) achoimre/réamhrá ar tuarascáil bhliantúil; (c) achoimre ar na príomh ghnéithe dena cuntais airgeadais; (d) achoimre ar aon ráiteas straitéise a cheanglaítear a ullmhú faoi alt 5 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997; agus (e) achoimre ar aon doiciméad de thuairisc nó d'aicme a bheidh forordaithe de thuras na huaire, le toiliú an Aire Airgeadais agus cibé Aire eile (más ann) den Rialtas is cuí leis an Aire ag féachaint d'fheidhmeanna an Aire eile sin den Rialtas, agus is doiciméad de thuairisc nó d'aicme a bhfuil, i dtuairim an Aire, tábhacht mhór phoiblí ag baint leis.